2026/2159

24.9.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2159 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 22 Meán Fómhair 2026

lena gcuirtear síneadh le sainordú an Chinn Misin ar Mhisean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) (EUPOL COPPS/2/2026)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh 2013/354/CBES ón gComhairle an 3 Iúil 2013 maidir le Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 9(1) de Chinneadh 2013/354/CBES, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh maidir le Ceann Misin a cheapadh ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí').

(2) An 25 Meitheamh 2026, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2026/1479 ([2]), lena gceaptar Felix ANDÅKER ina Cheann Misin ar EUPOL COPPS ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meán Fómhair 2026.

(3) An 3 Lúnasa 2026, mhol Ardionadaí go gcuirfí síneadh le sainordú Felix ANDÅKER mar Cheann Misin ar EUPOL COPPS ón 1 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027.

(4) Agus faisnéis a chuir Iosrael agus Údarás na Palaistíne ar fáil á cur san áireamh, ba cheart síneadh a chur le sainordú Cheann Misin EUPOL COPPS ón 1 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú Felix ANDÅKER mar Cheann Misin ar Mhisean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) ón 1 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027.

([1]) IO L 185, 4.7.2013, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/354/oj.
([2]) Cinneadh (CBES) 2026/1479 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 25 Meitheamh 2026 maidir le Ceann Misin Mhisean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) (EUPOL COPPS/1/2026) a cheapadh (IO L, 2026/1479, 29.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1479/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige faoi réir cinneadh a bheith glactha ag an gComhairle lena gcuirtear síneadh le bailíocht Chinneadh 2013/354/CBES tar éis an 30 Meán Fómhair 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

L. MANDEL VENSILD